



## Beartas Ceoldrámaíochta

Tá sé mar aidhm ag an gComhairle Ealaíon ceoldrámaíocht a chur chun cinn agus a fhorbairt in Éirinn trí thacaíocht a thabhairt do chleachtas ceoldrámaíochta a thugann aghaidh ar na riachtanais atá ag an bpobal agus ag an ealaíontóir araon. Laistigh den chomhthéacs sin, aithníonn sí go ndéantar soláthar le haghaidh rochtana poiblí go príomha trí rannpháirtíocht mar lucht féachana agus go dtagraíonn an téarma 'ealaíontóir' anseo do chleachtóirí cruthaitheacha agus léirmhíneitheacha éagsúla lena n-áirítear amhránaithe, ceoltóirí, cumadóirí, leabhrógaithe, stiúrthóirí, dearthóirí agus iadsan a bhfuil saineolas teicniúil faoi leith acu maidir le cúrsaí ceoldrámaíochta. Is tríd an obair stuama a dhéanann cumadóirí, léiritheoirí agus ealaíontóirí cruthaitheacha eile leis an bhfoirm ealaíne, agus trí dheis a thabhairt do na healaíontóirí sin nascadh leis an bpobal is féidir le hÉirinn cur chuige faoi leith a fhorbairt maidir leis an bhfoirm ealaíne.

Tuigeann an Chomhairle an tábhacht atá le soláthar a dhéanamh d'fhorbairt fhadtéarmach lucht féachana agus ealaíontóirí trí thacú le ceoldrámaíocht a dhéanamh agus a chur i láthair in Éirinn ar fud raon scálaí agus cineálacha nach bhfuil srian ar bith leo. Agus sin á dhéanamh aici, tá aird ag an gComhairle ar na dúshláin ó thaobh acmhainní a bhaineann leis na cuspóirí sin, agus aithníonn sí go bhfuil costais ag baint le samhlacha gnó inmharthana a fhorbairt agus a choinneáil ag imeacht ina dhiaidh sin.

Tá aird ag an gComhairle freisin ar an gcomhthéacs idirnáisiúnta ina bhfeidhmíonn an cheoldrámaíocht agus aithníonn sí an tábhacht atá le ceoldrámaíocht in Éirinn atá fós nasctha le dea-chleachtas laistigh den chomhthéacs idirnáisiúnta sin. Mar sin leanfaidh an Chomhairle ag tacú le cuideachtaí Éireannacha a fhorbraíonn caidrimh chomhléirithe le raon cuideachtaí thar sáile; leanfaidh sí ag cothú ealaíontóirí ceoldrámaíochta a bhfuil ardchumas acu agus atá ag féachaint lena gcleachtas a fhorbairt, go háirithe ag tús a gcleachtas gairmiúil; agus leanfaidh sí ag aithint an bhuntáiste a bhaineann lucht féachana in Éirinn as cleachtadh a fháil ar bhuanna cleachtóirí a thagann ar cuairt.

Laistigh den chomhthéacs atá leagtha amach thuas, beidh béim sa tacaíocht a thugann an Chomhairle Ealaíon do cheoldrámaíocht ar iarracht a dhéanamh deiseanna a chruthú agus a chothú le haghaidh na rudaí seo a leanas:

- obair a dhéanamh agus a chur i láthair ar fud raon scálaí agus cineálacha ar bhealach a ghlacann san áireamh an comhthéacs faoi leith in Éirinn agus an timpeallacht idirnáisiúnta ina bhfeidhmíonn an cheoldrámaíocht
- saothar nua a chruthú agus a chur i láthair a spreagann agus a thacaíonn le cumadóirí agus le scríbhneoirí Éireannacha nó atá bunaithe in Éirinn

- comhpháirtíochtaí nua a spreagann smaointeoireacht nua maidir le modhanna léiriúcháin agus an fhoirm ealaíne a scaipeadh
- an rannpháirtíocht phoiblí a mhéadú trí fhorbairt straitéiseach lucht féachana le haghaidh ceoldrámaíochta.

Nollaig 2011